RIALACHÁN (AE) 2023/2086 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Meán Fómhair 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le fínéagar maolánaithe a úsáid mar leasaitheach agus rialtán aigéadachta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bhia ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(3) agus Airteagal 14 de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann údaraithe maidir le breiseáin bhia, maidir le heinsímí bia agus maidir le blastáin bhia ([2]), agus go háirithe Airteagal 7(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 leagtar síos liosta de chuid an Aontais de bhreiseáin bhia atá formheasta le húsáid i mbia agus coinníollacha a n-úsáide.

(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún ([3]) leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008.

(3) De bhun Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008, féadfar liosta an Aontais de bhreiseáin bhia agus na sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a thabhairt cothrom le dáta ar thionscnamh an Choimisiún nó de thoradh iarratais ó Bhallstát nó ó pháirtí leasmhar.

(4) I mí an Mhárta 2021 cuireadh iarratas faoi bhráid an Choimisiúin ar údarú maidir le fínéagar maolánaithe a úsáid mar leasaitheach agus rialtán aigéadachta i réimse leathan de chatagóirí bia. Cuireadh an t-iarratas ar fáil do na Ballstáit ina dhiaidh sin de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008.

(5) Sa tuairim a foilsíodh an 1 Iúil 2022 ([4]), rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') meastóireacht ar shábháilteacht na húsáide atá beartaithe d'fhínéagar maolánaithe mar bhreiseán bia. Ós rud é gurb iad aigéad aicéatach agus a shalainn na príomh-chomhábhair i bhfínéagar maolánaithe, rinne an tÚdarás tagairt don mheasúnú a rinne sé ar aigéad aicéiteach mar shubstaint ghníomhach i lotnaidicídí in 2013 ([5]), ar measúnú é inar tháinig sé ar an gconclúid nár ghá iontógáil laethúil inghlactha a bhunú le haghaidh aigéad aicéiteach. Tagtar ar chonclúid dá leithéid i gcás inar ábhar imní an-bheag é an tsubstaint ó thaobh na sábháilteachta de, agus sin amháin má tá faisnéis iontaofa ann maidir le teagmháil agus maidir le tocsaineacht araon agus má tá dóchúlacht íseal ann go mbeidh éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine ag dáileoga nach cúis neamhchothroime cothaithí in ainmhithe iad ([6]). Agus aird á tabhairt aige ar an measúnú ar aigéad aicéiteach a rinneadh in 2013, agus é á chur san áireamh aige go ndíthiomsaíonn fínéagar maolánaithe ina ainian aicéiteach, ar comhábhar nádúrtha é d'aiste bia an duine agus den cholainn daonna a bhfuil sonraí fairsinge ann maidir lena héifeachtaí bitheolaíocha, rinne an tÚdarás measúnú ar shábháilteacht fínéagair mhaolánaithe gan sonraí bitheolaíocha ná tocsaineolaíocha a bailíodh leis an mbreiseán bia sin, agus tháinig sé ar an gconclúid nach ábhar imní ó thaobh na sábháilteachta de fínéagar maolánaithe a úsáid mar bhreiseán bia ag na huasleibhéil úsáide atá beartaithe.

([1]) IO L 354, 31.12.2008, lch. 16.

([2]) IO L 354, 31.12.2008, lch. 1.

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún an 9 Márta 2012 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 83, 22.3.2012, lch. 1).

([4]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2022;20(7):7351.

([5]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2013;11(1):3060.

([6]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2014;12(6):3697; *Statement on a conceptual framework for the risk assessment of certain food additives re-evaluated under Commission Regulation (EU) No 257/2010* [Ráiteas maidir le creat coincheapúil le haghaidh measúnú riosca a dhéanamh ar bhreiseáin bhia áirithe a ndearnadh athmheastóireacht orthu faoi Rialachán (AE) Uimh. 257/2010 ón gCoimisiún].

(6) Sainmhínítear gach grúpa breiseán i gCuid E d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008. I gCuid C, Grúpa I, liostaítear breiseáin bhia, seachas dathanna agus milseoirí, nach bhfuil aon ghá le hiontógáil laethúil inghlactha uimhriúil ina leith agus atá údaraithe lena n-úsáid in go leor bianna i gcomhréir leis an bprionsabal *quantum satis* mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2), pointe (h) den Rialachán sin. Mar thoradh ar an measúnú sábháilteachta ar fhínéagar maolánaithe ceadaítear é a áireamh i gCuid C, Grúpa I, d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008.

(7) Is táirge leachtach nó triomaithe é fínéagar maolánaithe a ullmhaítear trí hiodrocsaídí sóidiam/potaisiam (E 524-E 525) agus carbónáití sóidiam/potaisiam (E 500-E 501) a chur le fínéagar, ar fínéagar é a chomhlíonann Caighdeán Eorpach EN 13188:2000 agus a fhaightear go heisiach ó fhoinse de thionscnamh talmhaíochta (seachas adhmad/ceallalós) trí choipeadh dúbailte (i.e. coipeadh alcólach agus coipeadh aicéatach). Beartaítear fínéagar maolánaithe a úsáid de rogha ar leasaithigh údaraithe nó ar rialtáin aigéadachta eile, agus go háirithe de rogha ar aigéad aicéiteach agus a shalainn (E 260-263). Ardaítear an pH trí bhíthin an mhaolánaithe agus leis sin féadfar an fínéagar a úsáid mar leasaitheach nó mar rialtán aigéadachta in go leor catagóirí bianna gan tionchar a bheith aige ar cháilíocht na mbianna.

(8) Dá bhrí sin, is iomchuí fínéagar maolánaithe a údarú mar bhreiseán bia agus E 267 a shannadh mar an E-uimhir don bhreiseán sin.

(9) Ba cheart na sonraíochtaí le haghaidh fínéagar maolánaithe (E 267) a áireamh san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 toisc go bhfuil an breiseán sin áirithe i liosta an Aontais de bhreiseáin bhia a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 den chéad uair.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin (CE) Uimh. 1333/2008 agus (AE) Uimh. 231/2012 a leasú dá réir.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 mar a leanas:

(a) i gCuid B, pointe 3 'Breiseáin seachas dathanna agus milseoirí', cuirtear an iontráil nua seo a leanas isteach i ndiaidh na hiontrála le haghaidh bhreiseán bia E 263, Aicéatáit chailciam:

'E 267	Fínéagar maolánaithe'

(b) i gCuid C, Grúpa I, cuirtear isteach an iontráil le haghaidh E 267 i ndiaidh na hiontrála le haghaidh bhreiseán bia E 263, Aicéatáit chailciam:

'E 267	Fínéagar maolánaithe	*quantum satis*'

(c) Leasaítear Cuid E mar a leanas:

(1) I gcatagóir 01.7.1 (Cáis neamhaibí seachas táirgí a thagann faoi chatagóir 16), cuirtear isteach an iontráil le haghaidh E 267 (Fínéagar maolánaithe) i ndiaidh na hiontrála le haghaidh E 260, Aigéad aicéiteach:

	'E 267	Fínéagar maolánaithe	*quantum satis*		*mozzarella* amháin'

(2) I gcatagóir 01.7.4 (Cáis mheidhg), cuirtear isteach an iontráil le haghaidh E 267 (Fínéagar maolánaithe) i ndiaidh na hiontrála le haghaidh E 260, Aigéad aicéiteach:

	'E 267	Fínéagar maolánaithe	*quantum satis*'		

(3) I gcatagóir 04.2.3 (Torthaí agus glasraí, buidéalaithe nó stánaithe), cuirtear isteach an iontráil le haghaidh E 267 (Fínéagar maolánaithe) i ndiaidh na hiontrála le haghaidh E 263, Aicéatáit chailciam:

	'E 267	Fínéagar maolánaithe	*quantum satis*'		

(4) I gcatagóir 06.4.1 (Pasta úr), cuirtear isteach an iontráil le haghaidh E 267 (Fínéagar maolánaithe) i ndiaidh na hiontrála le haghaidh E 270, Aigéad lachtach:

	'E 267	Fínéagar maolánaithe	*quantum satis*'		

(5) I gcatagóir 06.4.3 (Pasta úr agus é réamhchócaráilte), cuirtear isteach an iontráil le haghaidh E 267 (Fínéagar maolánaithe) i ndiaidh na hiontrála le haghaidh E 270, Aigéad lachtach:

	'E 267	Fínéagar maolánaithe	*quantum satis*'		

(6) I gcatagóir 06.4.4 (*Gnocchi* prátaí), cuirtear isteach an iontráil le haghaidh E 267 (Fínéagar maolánaithe) i ndiaidh na hiontrála le haghaidh E 200-202, Aigéad sorbach-sorbáit photaisiam:

	'E 267	Fínéagar maolánaithe	*quantum satis*		*gnocchi* prátaí úra agus iad cuisnithe, agus iad sin amháin'

(7) I gcatagóir 07.1.1 (Arán a ullmhaítear leis na comhábhair seo a leanas agus iad sin amháin: plúr cruithneachta, uisce, giosta nó laibhín, salann), cuirtear isteach an iontráil le haghaidh E 267 (Fínéagar maolánaithe) i ndiaidh na hiontrála le haghaidh E 263, Aicéatáit chailciam:

	'E 267	Fínéagar maolánaithe	*quantum satis*'			

(8) I gcatagóir 07.1.2 (*Pain courant français; Friss búzakenyér, fehér és félbarna kenyerek*), cuirtear isteach an iontráil le haghaidh E 267 (Fínéagar maolánaithe) i ndiaidh na hiontrála le haghaidh E 263, Aicéatáit chailciam:

	'E 267	Fínéagar maolánaithe	*quantum satis*'		

(9) I gcatagóir 08.2 (Ullmhóidí feola mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004), cuirtear isteach an iontráil le haghaidh E 267 (Fínéagar maolánaithe) i ndiaidh na hiontrála le haghaidh E 263, Aicéatáit chailciam:

	'E 267	Fínéagar maolánaithe	*quantum satis*		ullmhóidí d'fheoil mhionaithe agus iad réamhphacáilte, agus ullmhóidí feola ar cuireadh comhábhair eile seachas breiseáin nó salann leo, agus iad sin amháin'

IARSCRÍBHINN II

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012, cuirtear isteach an iontráil nua seo a leanas i ndiaidh na hiontrála le haghaidh bhreiseán bia E 263 AICÉATÁIT CHAILCIAM:

'E 267 FÍNÉAGAR MAOLÁNAITHE	
Comhchiallaigh	Fínéagar maolánaithe (leachtach); fínéagar maolánaithe (púdar)
Sainmhíniú	Is táirge leachtach nó triomaithe é fínéagar maolánaithe a ullmhaítear trí oibreáin mhaolánacha a chur le fínéagar. Is iad hiodrocsaídí sóidiam/potaisiam (E 524 go E 525) agus carbónáití sóidiam/potaisiam (E 500 go E 501) na hoibreáin mhaolánacha a úsáidtear. Comhlíonann an fínéagar Caighdeán Eorpach EN 13188:2000 agus faightear é go heisiach ó fhoinse de thionscnamh talmhaíochta (seachas adhmad/ceallalós) trí choipeadh dúbailte, i.e. coipeadh alcólach agus coipeadh aicéatach. Is iad aigéad aicéiteach agus a shalainn na príomh-chomhábhair i bhfínéagar maolánaithe.
Measúnacht	Leachtach: 15–40 % (w/w) (i gcoibhéisí aigéid aicéitigh)
	Púdar: 55–75 % (w/w) (i gcoibhéisí aigéid aicéitigh)
	2 go 20 % (w/w) aigéad aicéiteach saor
Tuairisc	Leachtach: leacht slaodach gan dath go donn
	Púdar: púdar criostalta bán go buíbhán
Aitheantas	Leachtach: pH 4,75–7,5
	Púdar: pH 4,75–6,75 (tuaslagán uiscí 10 %)
Íonacht	
Caitiain	Leachtach: Nach mó ná 10 % sóidiam agus 30 % potaisiam
	Púdar: Nach mó ná 30 % sóidiam agus 40 % potaisiam
Cion uisce	Púdar: Nach mó ná 18 % (Modh Karl Fischer)
Eatánól	Nach mó ná 0,5 % w/w
Arsanaic	Nach mó ná 0,05 mg/kg
Luaidhe	Nach mó ná 0,05 mg/kg
Caidmiam	Nach mó ná 0,05 mg/kg
Mearcair	Nach mó ná 0,05 mg/kg'